The State Laboratory
An tSaotharlann Stáit



# Ráiteas Straitéise 2023-2026
## Barr Feabhais agus Nuálaíocht sa Cheimic

# Teachtaireacht ó Cheimiceoir an Stáit

Tá lúcháir orm an Ráiteas Straitéise seo don tSaotharlann Stáit a chur i láthair, ina leagtar amach spriocanna agus straitéisí na Saotharlainne don tréimhse 2023 – 2026.

Tá an tSaotharlann Stáit ina hOifig Sceidealaithe atá faoi choimirce na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. Príomhshaotharlann ceimice anailísí an Rialtais is ea í, agus soláthraíonn sí seirbhís chuimsitheach anailíseach agus chomhairleach do chliaint ar fud raon éagsúil Ranna agus Oifigí Rialtais. Thar thréimhse feidhme na straitéise roimhe, sholáthair an tSaotharlann Stáit seirbhísí do bhreis agus 40 cliant, a thug rátáil an-ard dúinn sna Suirbhéanna bliantúla ar Shástacht Custaiméirí. Tá sé sin ina léiriú ar an tsainseirbhís eolaíoch fhreagrúil ardchaighdeáin a sholáthraítear, agus is é misean na Saotharlainne leanúint le seirbhís den chaighdeán céanna a sholáthar do chustaiméirí.

Bíonn ag méadú go mór go fóill ar an éileamh ar sheirbhísí anailíseacha agus comhairleacha i measc cliaint nua agus i measc cliaint atá ann cheana araon. Sna blianta 2022 agus 2023, chuir an tSaotharlann struchtúir nua chun feidhme chun a chinntiú go mbeadh cumas aici freastal ar na héilimh sin. Tacaíonn ceithre rannóg leis an obair anailíseach anois, is iad sin: an Rannóg Airgeadais; an Rannóg Acmhainní Daonna; an Rannóg TFC; agus an Rannóg Seirbhísí Saotharlainne. Cuireann sé sin feabhas ar oibriú na Saotharlainne, agus saintacaíocht á soláthar chun cur ar chumas na mball foirne eolaíoch a gcuid ama ar fad a chaitheamh ar an eolaíocht. Tá an tSaotharlann Stáit lántiomanta dá bhfuil sa doiciméad Seirbhísí Poiblí Níos Fearr – Straitéis Claochlaithe na Seirbhíse Poiblí 2030 a chomhlíonadh agus don fhís atá ann Saotharlann atá Sofhreagrúil, Nuálach agus Gairmiúil a bhaint amach.

Tá fáilte curtha ag an tSaotharlann Stáit roimh a lán ball foirne nua le blianta beaga anuas agus leanfaidh sí le déanamh amhlaidh de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh ar sheirbhísí. Tá ríthábhacht ag baint le saineolas ceimice a fhorbairt maidir le rath amach anseo na Saotharlainne, agus leagfar díriú athnuaite air sin faoin straitéis seo. Measann an tSaotharlann Stáit go bhfuil ár mbaill foirne go léir ar an tsócmhainn is tábhachtaí atá againn agus is mór againn iad. Leis an straitéis seo, tacaítear le fórsa saothair atá an-chumasach, an-éagsúil, an-oilte agus an-inspreagtha agus a chumhachtaítear trí obair i dtimpeallacht oibre atá comhoibríoch, cuimsitheach agus tacúil.

Sa bhliain 2024, ceiliúrfaidh an tSaotharlann Stáit an 100 bliain atá caite aici ag soláthar seirbhísí chun feabhas a chur ar shaol mhuintir na hÉireann. Cé gur tháinig athrú ollmhór ar threalamh agus saoráidí na Saotharlainne Stáit ón mbliain 1924, tá gairmiúlacht, nuálaíocht agus tiomantas a ball foirne gach pioc chomh hard anois agus a bhí siad nuair a bhí ár gcomhghleacaithe ag tógáil Stát nua na hÉireann.

Barbara O'Leary
Ceimiceoir an Stáit

## Ár Misean

Seirbhís anailíse agus comhairle ceimicí den chéad scoth a sholáthar don Stát agus, ar an tslí sin, tacú leis an rialtas, tomhaltóirí a chosaint, calaois a chosc, agus sláinte phoiblí a choimirciú.

## Ár bhFís

A bheith inár n-ionad barr feabhais le haghaidh anailís agus nuálaíocht cheimiceach, agus sinn ag freastal ar an Stát.

## Cuspóir Ardleibhéil

Seirbhís anailíse agus comhairle ceimicí atá nuálach, freagrúil agus ar ardchaighdeán a sholáthar do Ranna agus Oifigí Rialtais, ar seirbhís í lena dtacaítear le cláir náisiúnta sábháilteachta bia agus beatha, le hioncam a bhailiú, le calaois a chosc agus le sláinte phoiblí agus tomhaltóirí a chosaint, agus seirbhísí láraithe tocsaineolaíochta anailísí a sholáthar don Stát..

## Ár Luachanna

Déanfaidh an tSaotharlann Stáit na nithe seo a leanas a chothú agus a chur chun cinn:

Seirbhís ardchaighdeáin fhreagrúil do chustaiméirí

Cultúr nuálaíochta agus feabhsúcháin leanúnaigh

Timpeallacht chomhoibríoch oibre ina gcaitear le daoine le dínit agus le meas

Na caighdeáin is airde ó thaobh gairmiúlachta agus barr feabhais eolaíoch de

Éiteas seirbhíse poiblí um neamhspleáchas, ionracas agus neamhchlaontacht

Cultúr cuntasachta, éifeachtúlachta agus luach ar airgead

# Sprioc Straitéiseach 1
# Daoine agus Cultúr

Measann an tSaotharlann Stáit go bhfuil ár mbaill foirne ar an tsócmhainn is tábhachtaí atá againn agus is mór againn iad. Chun go n-éireoidh léi, teastaíonn ón tSaotharlann na daoine cearta ag a bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí cearta ag an am ceart. Teastaíonn uainn sárcheannairí ar féidir leo ár gcultúr a chur chun cinn, cloí lenár luachanna agus ardfheidhmíocht a éascú, mar aon le fórsa saothair atá an-chumasach, an-éagsúil, an-oilte agus an-inspreagtha agus a chumhachtaítear trí obair i dtimpeallacht oibre atá comhoibríoch, cuimsitheach agus tacúil.

Tá méadú tagtha ar an éileamh ar chéimithe ceimice le blianta beaga anuas, go háirithe mar gheall ar an bhfás ar an earnáil cógaisíochta in Éirinn. Mar thoradh air sin, tháinig athrú ar phróifíl na n-iontrálaithe nua sa tSaotharlann Stáit. Tá ríthábhacht ag baint le saineolas ceimice a fhorbairt maidir le rath amach anseo na Saotharlainne. Fágann sé sin go bhfuil gá ann le hoiliúint, le foghlaim ar an jab, le cultúr taighde, le rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre idirnáisiúnta agus le freastal ar chomhdhálacha agus ar cheardlanna. Saineolas a tugadh isteach sa tSaotharlann roimhe seo trí cháilíochtaí agus taithí iarchéime, bíonn sé á fhorbairt ar an láithreán anois. Cothóidh sé sin naisc níos láidre le hinstitiúidí tríú leibhéal, mar aon le díriú méadaithe ar chéimithe a uasoiliúint.

I gcás cuid mhór ball foirne sna rannóga tacaíochta, sealbhaíonn siad cáilíochtaí i ndisciplíní ábhartha, lena n-áirítear TF, Airgeadas, Acmhainní Daonna, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Cumarsáid. Cuireann sé sin feabhas ar oibriú na Saotharlainne, agus saintacaíocht á soláthar chun cur ar chumas na mball foirne eolaíoch a gcuid ama ar fad a chaitheamh ar an gceimic.

Beidh cultúr cuimsitheach dearfach i réim ar fud na Saotharlainne, áit a gcaithfidh daoine lena chéile le dínit agus le meas agus a mbraithfidh siad go bhfuil meas orthu mar bhaill den tSaotharlann Stáit.

## Gníomhartha sa tréimhse 2023-2026

- **Straitéis nua Daoine agus Cultúir a fhorbairt agus a chur chun feidhme**
- **Timpeallacht oibre atá dearfach agus cuimsitheach a chur chun cinn**
- **Comhoibriú a mhéadú idir na rannóga difriúla**
- **Tacú le folláine ball foirne**
- **Saineolas a fhorbairt i ndisciplíní ábhartha**
- **Cultúr taighde agus nuálaíochta a fhorbairt**
- **Páirt a ghlacadh sa Choiste Eorpach um Chaighdeánú agus i Saotharlanna Tagartha an Aontais Eorpaigh**
- **Oiliúint Ceannaireachta agus Bainistíochta a sholáthar**
- **Athbhreithniú a dhéanamh ar an struchtúr gráid le haghaidh baill foirne eolaíocha**

# Sprioc Straitéiseach 2
# Tacú le Rialuithe Oifigiúla Bia, Beatha agus Leasacháin

Tá an tSaotharlann Stáit ainmnithe mar Shaotharlann Tagartha Náisiúnta na hÉireann do pharaiméadair amhail breiseáin chothaitheacha lena n-úsáid i mbeatha d'ainmhithe, aicmí sonracha d'iarmhair drugaí tréidliachta i mbia de thionscnamh ainmhíoch, agus éilleáin amhail truailleáin orgánacha mharthanacha, míceatocsainí, tocsainí plandaí agus miotail throma i mbeatha agus/nó i mbia.

Is é atá i gceist leis an ról atá ag an tSaotharlann mar Shaotharlann Tagartha Náisiúnta ná comhoibriú le Saotharlanna Tagartha an Aontais Eorpaigh, páirt a ghlacadh i gcroíghrúpaí oibre chun modhanna anailíseacha agus inniúlachtaí tástála a fheabhsú, cúnamh eolaíoch agus teicniúil a thabhairt do na húdaráis inniúla agus, nuair is gá, gníomhaíochtaí de chuid saotharlann oifigiúil a chomhordú.

Ag obair di i gcomhpháirt le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, tugann an tSaotharlann Stáit cúnamh don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le tástáil. Seoltar cláir náisiúnta shamplála agus faireachais mar chuid de chóras rialuithe agus cigireachtaí oifigiúla, lena gcinntítear na caighdeáin is airde ó thaobh sábháilteachta bia agus beatha de.

Meastar gur tháinig méadú 22% ar luach onnmhairí bia agus dí na hÉireann sa bhliain 2022, agus é cothrom le €16.7 billiún, an figiúr is airde riamh. Cothaítear le Fís don Bhia 2030 leathnú ar tháirgeadh príomhúil agus ar thrádáil onnmhairiúcháin. Bíonn ag méadú go fóill ar an éileamh ar na seirbhísí a sholáthraíonn an tSaotharlann i ndáil le raon éagsúil bianna, deochanna agus beathaí d'ainmhithe a anailísiú chun a shuí an bhfuil aon cheann ar bith de raon leathan substaintí iontu.

## Gníomhartha sa tréimhse 2023-2026

**Tacú le cláir náisiúnta chigireachta ar Shábháilteacht Bia agus Beatha**

**Tacú leis na cláir chigireachta Leasacháin agus Aolchloiche de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara**

**Ceanglais tástála a leathnú de bhun athruithe ar an reachtaíocht, lena n-áirítear anailís bhreisithe, rialacháin bhreise, tástáil sláine, agus rialuithe allmhairiúcháin**

**Páirt a ghlacadh i ngrúpaí ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear grúpaí oibre de chuid Shaotharlanna Tagartha an Aontais Eorpaigh, grúpaí oibre de chuid an Aontais Eorpaigh, agus coistí teicniúla agus grúpaí oibre de chuid an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú**

# Sprioc Straitéiseach 3
# Tacú le hIoncam a Bhailiú agus le Calaois a Chosc

Tacaíonn an tSaotharlann Stáit leis na Coimisinéirí Ioncaim a chinntiú go mbailítear na dleachtanna cearta custaim ar earraí trádáilte trí sheirbhís chuimsitheach chomhairleach aicmiúcháin taraifí a sholáthar agus trína chinntiú go n-íoctar na cánacha cearta máil trí shamplaí de dheochanna alcólacha agus d'olaí breosla a thástáil in aghaidh raon leathan paraiméadar.

Ceann amháin de na príomhthosaíochtaí straitéiseacha atá ag na Coimisinéirí Ioncaim is ea dul i ngleic le neamhchomhlíonadh. Tacaíonn an tSaotharlann Stáit leis na Coimisinéirí Ioncaim tabhairt faoi chigireachtaí ar ghníomhaíochtaí scáthgheilleagair – calaois, trádáil aindleathach agus smuigléireacht ina measc – trí shainfhianaise, fianaise eolaíoch agus torthaí anailíseacha a sholáthar chun tacú le hionchúisimh chúirte.

Soláthraíonn an tSaotharlann Stáit seirbhís tástála anailísí chun tacú le huisce beatha Éireannach a fhíordheimhniú ó thaobh Táisc Gheografaigh de chun a chinntiú nach bhféadfar ach uisce beatha a tháirgtear in Éirinn de réir diansonraíochtaí teicniúla a lipéadú agus a dhíol mar uisce beatha Éireannach. Ba mhó luach onnmhairí uisce beatha Éireannaigh ná 1 billiún euro den chéad uair riamh sa bhliain 2022 agus, chun tacú leis an margadh onnmhairiúcháin sin, tá sé ríthábhachtach go mbeifí in ann fíordheimhneacht an táirge sin a fhíorú.

## Gníomhartha sa tréimhse 2023-2026

**Bunaithe ar anailís cheimiceach, sainchomhairle eolaíoch a sholáthar maidir leis an aicmiúchán ceart ar earraí faoi Tharaif Chustaim agus Mháil na hÉireann.**

**Tacú leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta trí chomhairle theicniúil a sholáthar maidir le próiseáil a dhéanamh ar Iarratais ar Dhleacht Chustaim a Fhionraí**

**Tacú leis na Coimisinéirí Ioncaim dleachtanna cuí máil a chur i bhfeidhm agus treisiú leis na tacaí atá ar fáil chun calaois a ionchúiseamh**

**Modh nua a fhorbairt agus a bhailíochtú le haghaidh an Marcóir Fioscach Breosla de chuid an Aontais Eorpaigh a thabharfar isteach go luath a chinneadh**

**Tacaíocht anailíseach a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim, d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i ndáil le Deochanna Biotáille Éireannacha a fhíordheimhniú ó thaobh Táisc Gheografaigh de, agus modhanna nua anailíse a fhorbairt agus a bhailíochtú, de réir mar is gá**

# Sprioc Straitéiseach 4
# Seirbhísí Láraithe Tocsaineolaíochta Anailísí a Sholáthar don Stát

### Tocsaineolaíocht Fhóiréinseach

Tástálann an tSaotharlann Stáit samplaí iarbháis don tSeirbhís Cróinéara agus d'Oifig an Phaiteolaí Stáit chun a shuí an bhfuil aon cheann ar bith de raon leathan cógas ar oideas agus drugaí neamhdhleathacha iontu. Anailísítear samplaí go rialta do thart ar 170 druga.

Tháinig an tseirbhís sin faoi bhrú mar gheall ar an méadú suntasach atá tagtha ar an éileamh le blianta beaga anuas. Chun a chinntiú go mbainisteofar na brúnna sin go héifeachtúil, leanfaidh an tSaotharlann Stáit le dul i dteagmháil le príomh-ghealsealbhóirí – an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe ina measc – maidir lena seirbhís tocsaineolaíochta a acmhainniú go cuí.

### Tástáil Tocsainí in Ainmhithe

Soláthraíonn an tSaotharlann Stáit seirbhís tástála tocsainí don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun tacú le himscrúduithe ar theagmhais nimhithe mórscála ar fheirmeacha. Soláthraíonn sí an tseirbhís chéanna don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra i ndáil le nimhiú neamhdhleathach fiadhúlra, go háirithe éin chreiche a tugadh isteach an athuair. Mar chuid den obair sin, déantar anailís ar shamplaí bitheolaíocha chun a shuí an bhfuil aon cheann ar bith de raon leathan tocsainí agus iarmhar drugaí tréidliachta le fáil iontu.

## Gníomhartha sa tréimhse 2023-2026

- **Seirbhís chuimsitheach tocsaineolaíochta fóiréinsí a sholáthar don tSeirbhís Cróinéara agus d'Oifig an Phaiteolaí Stáit**
- **Acmhainní a áirithiú chun freagairt don mhéadú suntasach leanúnach sa líon samplaí agus chun agaí slánúcháin a laghdú**
- **Coinneáil ar an eolas faoi threochtaí atá ag teacht chun cinn ó thaobh úsáid drugaí aindleathacha de agus raon feidhme na tástála a leathnú dá réir sin**
- **Seirbhís chuimsitheach tástála tocsainí in ainmhithe a sholáthar do chliaint earnála poiblí agus anailítí breise a chur le raon feidhme na tástála**
- **Iniúchadh a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí cruinne ardtaifigh maise a úsáid le haghaidh anailís neamh-spriocdhírithe scagtha a dhéanamh chun teagmhais fhéideartha nimhithe fiadhúlra a imscrúdú**
- **Treisiú leis na prótacail atá i bhfeidhm leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun tacú le húsáid samplaí in ionchúisimh chúirte**

# Sprioc Straitéiseach 5
# Tionscnaimh um Shláinte Phoiblí a Chosaint

### Táirgí Cógaisíochta

Déanann an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte sláinte phoiblí agus sláinte ainmhithe a chosaint trí chógais dhaonna agus tréidliachta a rialáil. Oibríonn Rannán Imscrúduithe na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara chun tomhaltóirí agus an biashlabhra a chosaint freisin trí fhaireachán a dhéanamh ar sholáthar agus úsáid táirgí tréidliachta ar fheirmeacha.

Tacaíonn an tSaotharlann Stáit leis an Údarás Rialála Táirgí Sláinte agus leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara araon trí tháirgí urghafa cógaisíochta, luibhe agus tréidliachta a thástáil chun a shuí an bhfuil aon chomhdhúile gníomhacha cógaisíochta nó aon támhshubstaintí iontu. Tugann baill foirne na Saotharlainne sainfhianaise in ionchúisimh chúirte ina dhiaidh sin, nuair is gá.

### Cnáib agus Táirgí Cannaibidé-óil (CBD)

Ní fhéadfar barra cnáibe a shaothrú in Éirinn ach amháin faoi cheadúnas ón Údarás Rialála Táirgí Sláinte, agus tá ceanglas ann cigireacht a dhéanamh ar 30% den limistéar ina bhfuil siad curtha chun a chinntiú nach mó méid teitrihidreacannaibionóil (THC) an bhairr ná 0.3%. Déanann an tSaotharlann Stáit anailís ar an méid THC i samplaí cnáibe don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus déanann sí anailís ar an méid THC i dtáirgí CBD a urghabhann Oifigigh Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim.

### Táirgí Tobac

Tá an tSaotharlann Stáit ainmnithe ag an Roinn Sláinte mar shaotharlann tástála d'Éirinn chun tástáil a dhéanamh ar tháirgí tobac, mar atá leagtha amach i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Déanann an tSaotharlann anailís ar an méid tarra, nicitín agus aonocsaíde carbóin i dtoitíní.

Tacaíonn an tSaotharlann leis an Aonad Tacaíochta Líonraí Rialaithe Tobac i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) freisin trí leachtanna toitín leictreonaigh agus gléasanna gaolmhara a thástáil chun a chinntiú go gcomhlíonann siad an Treoir um Tháirgí Tobac (Treoir 2014/40/AE).

## Gníomhartha sa tréimhse 2023-2026

**Raon na tástála a leathnú chuig comhábhair ghníomhacha chógaisíochta nua**

**Na leibhéil THC i samplaí de bharra cnáibe a thástáil don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun a chinntiú nach mó iad ná na leibhéil atá ceadaithe sa reachtaíocht**

**Tacú leis na Coimisinéirí Ioncaim, le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus le cliaint eile earnála poiblí trí anailís a dhéanamh agus trí thuilleadh forbartha a dhéanamh ar an inniúlacht atá ann raon éagsúil maitrísí a thástáil chun a shuí an bhfuil THC nó substaintí eile cannaibionóidigh iontu**

**Bunú na saotharlainne tobac a chríochnú le haghaidh anailís a dhéanamh ar an méid tarra, nicitín agus aonocsaíde carbóin i dtoitíní mar chuid de chlár cigireachta rialta**

**Modhanna nua tástála cáilíochtúla agus cainníochtúla a fhorbairt, de réir mar is gá, chun freastal ar na riachtanais atá ag cliaint le leachtanna toitín leictreonaigh agus gléasanna gaolmhara a thástáil**

# Sprioc Straitéiseach 6
# Cosaint an Chomhshaoil agus Sainanailís agus Sainchomhairle Cheimiceach

## Cosaint an Chomhshaoil

Le blianta fada anuas, tá an tSaotharlann Stáit ag tacú leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faireachán a dhéanamh ar na dé-ocsainí atá le fáil sa chomhshaol trí shamplaí bainne a thástáil. Is i méid saille an bhainne a chomhchruinneoidh aon dé-ocsainí atá i láthair san fhéar. Tástálann an tSaotharlann samplaí éisc chun a shuí an bhfuil aon dé-ocsainí iontu chun tacú le clár nua faireacháin bithraí in uiscí dromchla intíre. Déanann sí anailís ar na samplaí sin freisin chun a shuí an bhfuil aon substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFASanna) iontu.

Tacaíonn an tSaotharlann Stáit leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an comhshaol a chosaint trí anailís sulfair a dhéanamh ar shamplaí d'ola bhreosla. Is féidir go mbeadh riachtanas nua ag an Roinn le hanailís breosla sholadaigh le linn thréimhse feidhme na straitéise seo.

Tacaíonn an tSaotharlann leis an Roinn Iompair trí olaí muirí a thástáil chun a shuí an bhfuil aon sulfar iontu agus tá sí ina cuid den Líonra um Dhoirteadh Ola a Shainaithint (OSINet), arna iarraidh sin do Gharda Cósta na hÉireann. Tacaíonn OSINet lena chuid ball anailís fhóiréinseach ola a úsáid chun tionscnamh truaillithe mhuirí a chruthú de réir ola agus mar fhianaise le haghaidh an costas ar oibríochtaí freagartha a aisíoc faoi éilimh rialtais.

Tá an tSaotharlann Stáit ag tacú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara trí chur chun feidhme a dhéanamh ar mhodhanna nua anailíse le haghaidh tástáil i gcomhair breiseáin leasacháin atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, amhail coscairí úiréáise agus coscairí nítriginiúcháin, a bhfuil acmhainneacht acu laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó leasacháin.

## Sainanailís agus Sainchomhairle Cheimiceach

Soláthraíonn an tSaotharlann Stáit comhairle eolaíoch, atá bunaithe ar shainanailís cheimiceach, do chuid mhór Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí a mbíonn riachtanais ócáideacha acu i raon éagsúil réimsí, lena n-áirítear caomhantas ealaíne, airm cheimiceacha agus dramhaíl neamhdhleathach.

## Gníomhartha sa tréimhse 2023-2026

**Tacú leis na cláir atá ar bun ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun faireachán a dhéanamh ar thruailleáin orgánacha mharthanacha sa chomhshaol**

**An tseirbhís anailíse le haghaidh ola agus breoslaí eile a leathnú ar mhaithe le cosaint an chomhshaoil**

**Cur chun feidhme a dhéanamh ar mhodhanna nua anailíse le haghaidh tástáil i gcomhair breiseáin leasacháin atá neamhdhíobhálach don chomhshaol**

**Seirbhís anailíse agus comhairle ceimicí a sholáthar d'eagraíochtaí a mbíonn riachtanais ócáideacha acu**

**Tacú leis na Coimisinéirí Ioncaim anailís a dhéanamh ar tháirgí allmhairithe éagsúla chun a shuí an bhfuil aon chomhábhair ghníomhacha nó aon drugaí aindleathacha féideartha iontu**

**Leanúint le sainchomhairle agus sainionadaíocht a sholáthar do chliaint earnála poiblí ar shainghrúpaí agus ar choistí teicniúla**

# Spreagthaí Straitéiseacha

## Rialachas

Na caighdeáin is airde ó thaobh rialachais chorparáidigh, bainistíochta riosca agus sábháilteachta de a chur i bhfeidhm le linn an tSaotharlann a oibriú.

Córas Cáilíochta lena gcomhlíontar ceanglais ISO 17025 a oibriú, agus raon creidiúnúcháin na Saotharlainne a chothabháil agus a leathnú chun freastal ar na riachtanais atá ag cliaint.

Creataí láraithe soláthair agus TFC a úsáid chun éifeachtúlachtaí a fheabhsú agus chun luach ar airgead a bhaint amach.

Ceanglais nua rialtais a chomhlíonadh ina n-iomláine, lena n-áirítear dul isteach sa tSeirbhís Chomhroinnte Bainistíochta Airgeadais, na Caighdeáin Chuntasaíochta nua ón Rialtas, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030, agus Seirbhísí Poiblí Níos Fearr – Straitéis Claochlaithe na Seirbhíse Poiblí 2030.

Timpeallacht shábháilte oibre a sholáthar do bhaill foirne, áit a maolaítear na guaiseacha a bhaineann le hobair le ceimiceáin a d’fhéadfadh a bheith contúirteach.

Comhoibriú le saotharlanna eile earnála poiblí chun éifeachtúlachtaí a fheabhsú agus chun dúbailt saothair a laghdú san earnáil.

## Teicneolaíocht, Próisis agus Bonneagar

Straitéis TFC a chur chun feidhme chun córais láidre shlána TFC a chothabháil agus an úsáid is mó is féidir a bhaint as réitigh TFC ar mhaithe le héifeachtúlachtaí a fheabhsú.

Straitéis Nuálaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun cultúr nuálaíochta a bhrú chun cinn, ar cultúr é ina dtacaítear le teicneolaíochtaí eolaíocha nua a thabhairt isteach agus ina soláthraítear seirbhísí den chéad scoth do chliaint.

Cur chuige Bainistíochta Tionscadal a chur chun feidhme chun próisis inmheánacha a bharrfheabhsú agus chun seirbhísí a chuíchóiriú agus a bhreisiú.

Obair i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí chun an bonneagar saotharlainne atá ann cheana a chothabháil agus a uasghrádú.

Leanúint le breithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar an tionchar a imríonn gach oibríocht ar an gcomhshaol.

I gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, Treochlár na Saotharlainne Stáit um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 a chur chun feidhme.